# Achtanna um Eitic san Oifig Phoiblí 1995 agus 2001

## - Sealbhóirí Oifige – Leasanna Breise -

**Ráiteas ó Shealbhóir Oifige maidir le leasanna céile nó páirtnéara sibhialta, linbh leis an sealbhóir oifige nó linbh le céile nó páirtnéir sibhialta, chun críocha Alt 13 den Acht um Eitic san Oifig Phoiblí 1995**

Líon isteach i **gCEANNLITREACHA**.

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **An Oifig atá á sealbhú:** | |
| **Dáta cheaptha don oifig sin:** | |
| **Tréimhse a chumhdaítear leis an Ráiteas seo:** (.i. **ón** 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig nó cuid den tréimhse sin)**:** | |
| **Seoladh comhfhreagrais:** | |

Maidir le gach ceann de na leasanna in-inchurtha seo a leanas, ba cheart duit aon leas atá ar eolas agat go fíorasach, go díreach agus go pearsanta, **atá á sealbhú ag do chéile**[1] **nó ag do pháirtí sibhialta**[2]**, ag leanbh leat, nó ag leanbh le do chéile nó le do pháirtí sibhialta, a lua**, agus a d'fhéadfadh tionchar**ábhartha** [3] a imirt ort i bhfeidhmiú, nó i ndáil le feidhmiú, fheidhmeanna d'oifige. **Ní gá méid ná luach airgeadaíochta na leasanna a shonrú.** Tá nótaí mínithe maidir le cuid de na ráitis riachtanacha seo ceangailte.

## 1. IONCAM CEIRDE, GHAIRME, SRL.

Ba chóir sonraí aon cheird, ghairm, fhostaíocht nó slí bheatha eile a bhfuil luach saothair ag teastáil ina leith, a raibh an luach saothair (m.sh. pá, pinsin, sochair chomhchineáil, ioncam cíosa, srl.) níos mó ná
€€2,600 uaidh, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, a liostáil anseo.

| Ainm an Duine [4] | Gaol leat | Cur síos ar an ngairm | Seoladh gnó |
|---|---|---|---|
| | | | |

## 2. SCIARANNA SRL.

Sonraí faoi aon sealúchas scair, banna, bhintiúr nó infheistíocht eile dá samhail i gcuideachta nó i bhfiontar ar leith, nuair a sháraigh luach comhiomlán an tsealúchais €13,000 ag aon tráth le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas seo, ba cheart iad a liostú anseo. Ní áirítear leis an sainmhíniú ar "shealúchas" airgead i gcuntas reatha, taisce nó cuntas eile dá shamhail le hinstitiúid airgeadais.

| Ainm an Duine | Gaol leat | Cineál sealúchais | Cá bhfuil sé á shealbhú | An Cineál Gnólacht a |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

## 3. STIÚRTHÓIREACHTAÍ

Sonraí faoi aon stiúrthóireacht nó stiúrthóireacht scátha[5] i gcuideachta[ar bith a] sealbhaíodh le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas seo ba cheart iad a liostú anseo[6].

| Ainm an Duine | Gaol leat | Cineál stiúrthóireachta | Seoladh gnó | An Cineál Gnólachta |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

## 4. TALAMH

Sonraí faoi aon leas i dtalamh, seachas leas i dteach príobháideach nó i dteach saoire agus talamh atá cúnta nó coimhdeach leis an teach sin agus nach bhfuil á úsáid ná á fhorbairt go príomha chun críocha tráchtála, nuair a sháraigh luach an leasa sin €13,000 ag aon tráth le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas seo, lena n-áirítear -

(i) aon chonradh a rinneadh chun talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh éarlais nó íocaíocht pháirteach faoin gconradh nó nár íocadh; agus

(ii) aon rogha a sealbhaíodh chun talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh aon chúiteamh ina leith nó nár íocadh, nó talamh a ndearnadh rogha den sórt sin ina leith ach nár aistríodh fós.

| Ainm an Duine | Gaol leat | Seoladh na Maoine | An cuspóir lena n-úsáidtear í |
|---|---|---|---|
| | | | |

5. **BRONNTANAIS, MAOIN & SEIRBHÍSÍ**

Sonraí faoi:

(i) aon bhronntanas a tugadh le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas seo[7];

(ii) maoin a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht, nó seirbhís a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse sin, ar chúiteamh nó ar phraghas níos lú ná an cúiteamh tráchtála nó an praghas tráchtála de níos mó ná€650; agus

(iii) maoin a tugadh ar iasacht, nó seirbhís a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, saor in aisce, má bhí an cúiteamh nó an praghas tráchtála níos mó ná €650[8];

ba cheart iad a liostú anseo[9].

| **Ainm an Duine** | **Gaol leat** | **Cur síos iomlán ar an mbronntanas, ar an maoin agus/nó ar an tseirbhís** | **Ainm agus seoladh an tairbhí, an tsoláthraí agus/nó an iasachtóra** |
|---|---|---|---|
| | | | |

## 6. TAISTEAL, CÓIRÍOCHT, BÉILÍ, SRL.

Sonraí faoi shaoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a soláthraíodh le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas seo, saor in aisce nó ar phraghas níos lú ná an praghas tráchtála, ba cheart iad a liostú anseo[10].

| Ainm an Duine | Gaol leat | Cur síos iomlán | Ainm agus seoladh an tsoláthraí |
|---|---|---|---|
| | | | |

## 7. POIST ÍOCTHA EILE

Sonraí faoi aon phoist íoctha a sealbhaíodh mar bhrústocaire, comhairleoir nó comhairleoir gnóthaí poiblí le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas seo, ba cheart iad a liostú anseo.

| Ainm an Duine | Gaol leat | Cur síos iomlán ar an bpost | Ainm agus seoladh an Duine / na Cuideachta / na hEagraíochta |
|---|---|---|---|
| | | | |

## 8. CONARTHAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba chóir sonraí aon chonartha inar páirtí an duine lena mbaineann, nó inar leasmhar ar aon bhealach eile, go díreach nó go hindíreach, earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire Rialtais, nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, má sháraigh luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh €6,500 nó, i gcás earraí nó seirbhísí eile a soláthraíodh faoi chonradh den sórt sin má sháraigh comhiomlán a luacha agus an luacha thuasluaite €6,500, a liostáil anseo.

| Ainm an Duine | Gaol leat | Cur síos ar an gConradh agus ar an Leas | Ainm agus Seoladh an Chonraitheora | An tAire / an Comhlacht Poiblí lena mbaineann |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

## 9. LEASANNA EILE

De réir fhorálacha Alt 30 den Acht, féadfar ráitis dheonacha a dhéanamh maidir le haon leas nach sonraítear sa Dara Sceideal, agus atá á sealbhú ag **do chéile nó ag do pháirtí sibhialta, nó ag leanbh leat nó**le do chéile, má mheastar go bhféadfadh na leasanna sin tionchar ábhartha a imirt ort i bhfeidhmiú, nó i ndáil le feidhmiú, fheidhmeanna d'oifige.

| Ainm an Duine | Gaol leat | Sonraí an Leasa |
|---|---|---|
| | | |

**Sínithe:** ______________________ **Dáta:** ______________________

## NOTAÍ

[1] Ní áirítear sa téarma "*céile*", i ndáil le duine, céile atá ina chónaí scartha agus ar leithligh ón duine·

[2] Ciallaíonn "*páirtí sibhialta*", i ndáil le duine, páirtí sibhialta de réir bhrí an Achta um *Chomhpháirtíocht Sibhialta agus Cearta agus Oibleagáidí Áirithe Comhchónaitheoirí 2010,* ach ní áirítear páirtí sibhialta atá ina chónaí scartha agus ar leithligh ón duine.

[3] a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh fheidhmeanna d'oifige nó i ndáil leis an gcomhlíonadh sin de bharr go bhféadfadh an fheidhmíocht sin difear a dhéanamh do na leasanna sin a oiread agus go dtabharfadh nó go gcoimeádfadh sé sochar substaintiúil uait féin nó ó do chéile nó ó do pháirtí sibhialta nó ó do leanbh nó ó leanbh do chéile.

[4] Ciallaíonn "an *duine*", i ndáil leat, do chéile nó do pháirtí sibhialta, nó leanbh leat, nó leanbh le do chéile nó le do pháirtí sibhialta (Alt 13(5), Acht um Eitic san Oifig Phoiblí 1995).

[5] Ciallaíonn "cuideachta" aon *chomhlacht* corparáide·

[6] Ciallaíonn "stiúrthóireacht *scátha*" an post atá á shealbhú ag an duine atá ina stiúrthóir scátha de réir bhrí na nAchtanna Cuideachtaí 1963 go 1990, nó, i gcás comhlachta poiblí nach cuideachta é (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) agus atá sonraithe i bhfo-mhír (8), (9), (10), (11) nó (12), nó atá forordaithe chun críocha fho-mhír (13), de mhír 1 den Chéad Sceideal don Acht um Eitic san Oifig Phoiblí 1995, an post atá á shealbhú ag an duine ar dá réir a threoracha nó a threorach is gnách do chomhaltaí an chomhlachta sin, nó do chomhaltaí an bhoird nó comhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann an comhlacht sin, gníomhú.

[7] Ach seachas -

(i) bronntanas nó bronntanais a tugadh don duine le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas ag gaol, páirtí sibhialta nó cara leis an duine ar chúiseanna pearsanta amháin, mura bhféadfadh glacadh leis an mbronntanas sin ag an duine tionchar ábhartha a imirt ort i bhfeidhmiú do fheidhmeanna mar shealbhóir oifige; agus

(ii) bronntanas nó bronntanais a tugadh don duine, ag an duine céanna, i gcás nach ndeachaigh luach, nó luach comhiomlán, na maoine a bhí faoi réir an bhronntanais nó na mbronntanas thar €650 ag aon tráth le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas.

[8] Seachas maoin a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht, nó seirbhís a soláthraíodh don duine ag gaol, páirtí sibhialta nó cara leis an duine, nó le gaol, páirtí sibhialta nó cara dá chéile nó dá pháirtí sibhialta, nó le leanbh leis an duine nó lena chéile, nuair a bhí an soláthar nó an iasacht sin i nádúr bronntanais don duine agus ar chúiseanna pearsanta amháin, mura bhféadfadh glacadh leis an maoin nó leis an iasacht nó leis an tseirbhís sin ag an duine tionchar ábhartha a imirt ort i bhfeidhmiú d'fheidhmeanna mar shealbhóir oifige.

[9] A mhéid a bhaineann seirbhísí i míreanna (ii) agus (iii) le seirbhísí dlíthiúla nó leighis (lena n-áirítear seirbhísí síciatracha nó síceolaíocha), is leor a lua gur soláthraíodh na seirbhísí sin. Ní gá aon sonraí breise a thabhairt.

[10] ach seachas –

(a) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a cuireadh ar fáil

(i) laistigh den Stát, nó

(ii) le linn agus chun críche:

- feidhmiú fheidhmeanna an duine, i gcás gur comhalta den Dáil nó den Seanad, sealbhóir oifige, sealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, sealbhóir poist ainmnithe nó comhairleoir speisialta é nó í; nó

- trádáil, gairm, fostaíocht, gairm beatha nó slí bheatha an duine (seachas a shlí bheatha mar chomhalta den Dáil nó den Seanad, mar shealbhóir oifige, mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, mar shealbhóir poist ainmnithe nó mar chomhairleoir speisialta); nó

(iii) i gcás gur comhalta den Dáil nó den Seanad nó sealbhóir oifige é an duine, saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a cuireadh ar fáil ag an Aontas Idir-Pharlaiminteach, nó ag aon cheann de na comhlachtaí eile a shonróidh Coiste Leasanna Chomhaltaí an Tí dá bhfuil an duine ina chomhalta, i dtreoirlínte a fhoilsíonn sé, nó ag aon eagraíocht stát nó rialtas dá bhfuil an Stát nó an Rialtas ina chomhalta, nó ag comhlacht a bhaineann leo nó atá bainteach leo.

(b) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a soláthraíodh don duine ag gaol, páirtí sibhialta nó cara leis an duine, nuair a bhí an soláthar sin i nádúr bronntanais don duine agus ar chúiseanna pearsanta amháin, mura bhféadfaí go réasúnach a mheas go raibh glacadh leis na saoráidí, leis an gcóiríocht, leis na béilí nó leis an tsiamsaíocht sin in ann tionchar a imirt ort i bhfeidhmiú d'fheidhmeanna mar shealbhóir oifige;

(c) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse sin, saor in aisce, mura ndeachaigh an praghas tráchtála, nó luach comhiomlán na bpraghsanna tráchtála, thar €650; nó

(d) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse sin, ar phraghas nó ar phraghsanna níos ísle ná an praghas tráchtála, de mhéid nach mó ná €650.

**Eolas breise**

Tá tuilleadh eolais maidir le riachtanais na nAchtanna um Eitic agus sainmhínithe ábhartha eile le fáil i dtreoirlínte an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí do shealbhóirí oifige maidir le comhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Eitic san Oifig Phoiblí 1995 agus 2001. I dteannta na dtreoirlínte sin, féadfaidh sealbhóirí oifige tuilleadh eolais nó comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (teileafón: 01 639 5666; ríomhphost: info@sipo.ie) maidir le haon fhoráil den reachtaíocht nó le cur i bhfeidhm aon fhorála dá leithéid i gcás ar leith.

Ráitis leasanna breise ó shealbhóirí oifige do Chléirigh.

13.—(1) Déanfaidh duine atá ina shealbhóir oifige ar dháta cláraithe, nó a scoireann de bheith ina shealbhóir oifige roimh dháta cláraithe, ráiteas i scríbhinn, i bhfoirm a chinnfidh an tAire nó i bhfoirm atá dá samhail, faoina leasanna breise (más ann dóibh), agus ina mbeidh faisnéis chuí maidir leis na hábhair sin (más ann dóibh) a shonrófar sa chéad fhoirm luaite, agus is iad sin leasanna breise an duine—

(a) i gcás gur sealbhóir oifige é nó í ar an gcéad dáta cláraithe, ag aon tráth le linn na tréimhse ón Acht seo a rith go dtí an dáta sin; agus

(b) i gcás gur sealbhóir oifige é nó í ar dháta cláraithe ina dhiaidh sin, nó gur scoir sé nó sí de bheith ina shealbhóir oifige roimh dháta den sórt sin ach tar éis an dáta cláraithe roimhe sin, ag aon tráth a raibh sé nó sí ina shealbhóir oifige le linn na tréimhse idir an chéad dáta luaite agus an dáta cláraithe roimhe sin, nó, de réir mar is cuí, idir an chéad dáta luaite agus dáta an scor.

(2) Ní gá i ráiteas faoi fho-alt (1) méid ná luach airgeadaíochta aon leasa bhreise ná luach saothair aon trádáil, cheird, fhostaíocht, ghairm beatha nó slí bheatha eile a áirítear sa ráiteas a shonrú.

(3) Déanfaidh an Cléireach, a luaithe is féidir tar éis dó nó di ráiteas faoi fho-alt (1) a fháil, cóip de a chur ar fáil don Choimisiún agus (más ráiteas Aire Rialtais nó Aire Stáit é) don Taoiseach.

(4) Cuirfidh duine atá ina shealbhóir oifige ar aon dáta cláraithe an ráiteas faoin alt seo ar fáil don Chléireach tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir ina dhiaidh sin.

(5) Sa rannán seo, ciallaíonn “leas breise”, i ndáil le sealbhóir oifige, aon leas atá sonraithe sa Dara Sceideal agus a bhfuil eolas fíorasach ag an sealbhóir oifige air maidir le—

(a) céile nó páirtí sibhialta an tsealbhóra oifige; nó

(b) leanbh leis an sealbhóir oifige nó lena chéile nó lena pháirtí sibhialta,

agus a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an sealbhóir oifige i bhfeidhmiú, nó i ndáil le feidhmiú, fheidhmeanna a oifige de bharr go bhféadfadh an feidhmiú sin na leasanna sin a athrú sa chaoi go mbronnfaí ar, nó go gcoinneofaí siar ó, an sealbhóir oifige nó a chéile nó a p(h)áirtí sibhialta nó a leanbh buntáiste suntasach.